

# Misean an QQI

Seo a leanas ár misean:

- Méadú ar cháilíocht a chur chun cinn i gcórais bhreiseoideachais agus ardoideachais agus oiliúna na hÉireann.
- Cáilíocht soláthraithe a dhearbhu
- Tacú le córas cáilíochtaí atá ar leas foghlaimoirí agus geallsealbhóirí eile agus an córas sin a chur chun cinn.

# Fís an QQI

Deiseanna ardchaighdeán forleathana oideachais agus oiliúna a lorg, le cáilíochtaí a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

# Luachanna an QQI

## Dirithe ar fheabhsú

Is eagraíocht sinn atá ag foghlaim agus ag forbairt agus geallaimid caighdeán ár gcuid oibre a mheas agus a fheabhsú go leanúnach. Is é sin a bhuntacaíonn leis na cineálacha cur chuige atá againn i leith cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna a dhearbhu agus tacú lena feabhsú.

## Comhoibrítheach

Téimid i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí chun muinín a chothú agus féachaimid le deiseanna oideachais agus oiliúna agus le haitheantas do cháilíochtaí a fheabhsú.

## Neamhspleách


Cé go n-oibrímid laistigh de chreat ginearálta bheartas an Rialtais, is eagraíocht neamhspleách sinn ó thaobh na slí ina gcomhlíonaimid ár bhfeidhmeanna agus ó thaobh na cinnteoireachta. Oibrímid ar shlí mhacánta, thrédhearcach, chóir, chothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil.

## Gairmiúil

Caithimid le gach duine le meas, dínit agus cúirtéis. Comhlíonaimid na caighdeán seirbhíse poiblí is airde maidir le cuntasacht, éifeachtúlacht agus freagrúlacht.

## Foghlaimoirlárnach

An cultúr a chuirimid chun cinn i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus i gcáilíochtaí, is cultúr rochtana, freagrúlachta, solúbthachta, iontaoibh agus cáilíochta é. Cuirimid riachtanais an fhoghlaimoira i gceartlár obair na heagraíochta agus spreagaimid geallsealbhóirí chun déanamh amhlaidh.



[www.QQI.ie](http://www.QQI.ie)

## Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Ráiteas Straitéise 2016-2018

26/27 Lána Denzille  
Baile Átha Cliath  
Éire

t +353 1 905 8100



**QQI**

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Réamhrá ar Ráiteas Straitéise 2016-18 an QQI

Seo é an dara ráiteas straitéise ó Cháilíocht agus Dearbhú Cáilíochta Éireann (an QQI). Gheofar ann treoir d'fhoireann agus do gheallsealbhóirí na heagraíochta maidir lenár misean, ár bhfís, ár luachanna agus ár spriocanna, agus maidir leis an tslí ina bhfuil sé i gceist againn ár dtorthaí a bhaint amach. Clúdaíonn an ráiteas an tréimhse trí bliana idir Eanáir 2016 agus Nollaig 2018. Beidh sé ina bhonn le pleananna corparáideacha bliantúla amach anseo ina leagfar amach na cuspóirí, na gníomhaíochtaí agus na torthaí a bheidh le baint amach gach bliain ag an eagraíocht. I gcaitheamh na goeád trí bliana eile, déanfaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i ngníomh na straitéise agus foilseofar tuairiscí ar conas atá ag éirí linn.



An Dr Pádraig Walsh  
Príomhfheidhmeannach  
Meitheamh 2015

Gníomhaireacht stáit faoi choimíre na Roinne Oideachais agus Scoileanna is ea an QQI. Bunaíodh sinn i Samhain 2012 agus tá cúram orainn as dearbhú cáilíochta seachtrach an ardoideachais agus an bhreiseoideachais agus na hoiliúna in Éirinn agus gníomhaímid, leis, mar choimeádaí an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Tá cáilíochtaí ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad i saol an lae inniu. Tá siad ag éirí níos riachtanaí ná riamh i gcás daoine ar mian leo dul isteach i bhfostaíocht agus leas a bhaint as deiseanna breiseoideachais. Cuid riachtanach de shoghluaisteach post agus oideachais is ea aitheantas do cháilíochtaí, sa domhan seo atá ag éirí níos domhandaíthe i gcónaí. Déanann próisis sheachtracha dearbhú cáilíochta neartú ar ghlacadh cáilíochtaí agus ar aitheantas do cháilíochtaí agus cinntíonn siad go mbíonn cáilíochtaí ábhartha agus i bhfeidhm i gcónaí.

Tá sainordú leathan ag an QQI maidir le hoideachas agus le hoiliúint in Éirinn. Baineann obair an QQI le foghlaimoírí in áiteanna éagsúla – sna scoileanna, sa ghairmoiliúint, san ardoideachas, sa bhreiseoideachas, in oideachas pobail agus i bhfoghlaim an Bhéarla. Ina theannta sin, oibrímid le soláthraithe ardoideachais agus breiseoideachais agus oiliúna: le ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí maoiniúcháin; comhlachtaí rialála; comhlachtaí gairmiúla; comhlachtaí dáfa cáilíochtaí; comhlachtaí earnála agus comhlachtaí ionadacha agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus as cáilíochtaí.

Le linn thréimhse na straitéise seo, forbróidh an QQI an Marc Idirnáisiúnta Oideachais ar son soláthraithe na gclár oideachais agus oiliúna do mhic léinn idirnáisiúnta agus bunóimid bunachar sonraí de chláir agus de cháilíochtaí. Tríd an obair seo cothóimid comhtháiteacht idir cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas agus san oiliúint agus ag neartófar muinín agus iontaoibh an phobail.

Ba iad ár bhfoireann agus an Bord a d'fhorbair an ráiteas straitéise seo le cúnadh ár ngeallsealbhóirí seachtracha. Chuireamar na rudaí seo a leanas san áireamh: ár sainordú dlí; ár bpríomhréimsí oibre agus ár bpleananna; ár dtimpeallacht sheachtrach agus inmheánach agus na dúshláin ghaolmhara. Spreagann ár ngeallsealbhóirí seachtracha sinn chun torthaí den scoth a chur ar fáil dár ngeallsealbhóirí uile, go háirithe d'fhoghlaimoírí, chun dul i gcomhar leo chun cáilíocht a dhearbhu agus a mhéadú, chun rialú éifeachtach a dhéanamh, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an CNC agus chun córas freagrúil, dinimiciúil cáilíochtaí a chur chun cinn.

Sna chéad trí bliana eile, féachfaidh an QQI le tacú le feabhsú ar cháilíocht chóras breiseoideachais agus ardoideachais na hÉireann. Tacóimid le slite chun cáilíochtaí a mbeidh meas idirnáisiúnta orthu agus tuilleadh cosán agus solúbthachta d'fhoghlaimoírí a chur ar fáil. Geallaimid seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil le cinntiú go gcoimeádtar an pobal ar an eolas mar gheall ar cháilíocht chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann agus chun dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí a dhéanamh níos comhtháite.



# An méid a dhéanaimid agus an tslí ina ndéantar é

## Spríoc go 2018

## Cur chuige

## Torthaí

